Post tv

**Teideal an Phoist: Bainisteoir Forbartha Gnó, Post TV**
**Áit:** Baile Átha Cliath, Éire (Roghanna oibre hibrideacha ar fáil)

**Maidir le Post TV (Business Post Group**)
Is é Post TV an teach díolacháin meán atá faoi chonradh le seirbhís díolachán fógraíochta a chuir ar fáil do TG4, Féachann PostTV le le brandaí a nascadh le lucht féachana TG4 agus réitigh fógraíochta nuálacha éifeachtacha a sholáthar dár gcliaint ar fud ardán uile TG4.

**An Deis:**
Táimid ag lorg *Bainisteoir Forbartha Gnó,* duine ardspreagtha atá dírithe ar thorthaí a bhaint amach. Is iontach an deis í seo do dhuine uaillmhianach chun príomhról a bheith aige i bhfás agus i rath leanúnach Post TV. Beidh tú freagrach as comhpháirtíochtaí fógraíochta nua a aithint agus a fháil trí chliaint dhíreacha tráchtála agus rialtais, caidrimh láidre a chothú, agus fás ioncaim a bhrú chun cinn do TG4 ar fud na sruthanna ioncaim go léir.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- Cliaint fógraíochta dhíreacha nua a aithint, a chuardach agus a fháil trasna earnálacha éagsúla.
- Caidrimh láidre fadtéarmacha a fhorbairt agus a chothú le príomhchliaint dhíreacha.
- Réitigh fógraíochta tarraingteacha a chur i láthair atá saincheaptha do riachtanais na gcliant, ag baint úsáid as léargais ilchineálach TG4 i dtaobh clársceidealaithe agus an lucht féachana.
- Birt fógraíochta dhíreacha/praghsáil a idirbheartú agus a shocrú de réir na méadracha comhaontaithe, agus ailíniú le cuspóirí ama craolta agus spriocanna ioncaim á chinntiú.
- Comhoibriú go dlúth leis na foirne tráchta agus ama craolta chun feachtais chomhtháite a chur ar bun de réir pharaiméadair chomhaontaithe na mbeart.
- Fanacht ar an eolas faoi threochtaí tionscail, gníomhaíochtaí iomaitheoirí, agus deiseanna margaidh.
- Tuarascálacha rialta a ullmhú agus a chur i láthair ar fheidhmíocht díolacháin, léargais mhargaidh, agus straitéisí don todhchaí.
- Ionadaíocht a dhéanamh do Post TV ag imeachtaí tionscail agus ag deiseanna líonraithe.

**A Bhfuil Uainn:**

- Cuntas teiste cruthaithe ratha i bhforbairt gnó, díolacháin, nó bainistiú cuntas sa tionscal meán, fógraíochta, nó craolacháin (7+ bliain taithí ar a laghad más féidir).
- Taithí léirithe ar spriocanna díolacháin a bhaint amach agus a shárú.
- Sár-scileanna cumarsáide, idir scileanna scríofa agus scileanna ó bhéal.
- Tá an cumas sonraí uimhriúla a thuiscint, a léirmhíniú agus a anailísiú fíor-riachtanach don ról seo.
- Tuiscint láidir ar thírdhreach na meán agus ar ghnó na fógraíochta in Éirinn.
- Cumas dáimh a chothú go héasca le cliaint.
- Duine treallúsach a bhfuil cur chuige réamhghníomhach dúthrachtach aige i leith díolachán agus forbairt gnó, duine ar ball foirne é.
- Duine atá an-eagraithe ag a bhfuil sár-scileanna bainistíochta ama agus a dhéanann an-chúram de mhionsonraí.
- Is mór an buntáiste é paisean do na meáin agus meas ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann.
- **Tá líofacht sa Ghaeilge an-inmhianaithe**

**An Méid a Chuirfimid ar Fáil:**

- Tuarastal iomaíoch agus scéim bónais a bhaineann le feidhmíocht/pinsean cuideachta.
- Deis a bheith ag obair le branda mór sna meáin Ghaeilge a bhfuil lucht féachana uathúil aige.
- Timpeallacht foirne bheomhar thacúil.
- Roghanna oibre hibrideacha.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach.
- An deis fíorthionchar a imirt ar fhás ioncaim Post TV agus TG4.

**Chun Iarratas a Dhéanamh:**
Déan do CV agus litir chumhdaigh, ina léirítear do thaithí ábhartha agus ina mínítear an fáth gur tusa an t-iarrthóir ceart don ról seo, a sheoladh ar aghaidh chuig amillington@posttv.ie faoi **Dé Máirt, an 30 Meán Fómhair**.
**Is Fostóir Comhdheiseanna é Post TV.** Fáiltímid roimh iarratais ón uile dhuine cuí-cháilithe.